

# Scéim Teanga Údaráis Áitiúla Shligigh 2010-2013 ullmhaithe faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

## ÚDARÁIS ÁITIÚLA SHLIGIGH



## **Clár na nÁbhar**

### **Caibidil 1**

- 1(a) Réamhrá agus Cúlra
- 1(b) Ábhar Scéim na Teanga
- 1(c) Dáta Tosaithe na Scéime
- 1(d) Forbhreathnú ar Údaráis Áitiúla Shligigh
- 1(e) Custaiméirí agus Cliaint
- 1(f) Measúnú ar a mhéid atá seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge

### **Caibidil 2**

Comhthéacs ina n-oibríonn Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in Údaráis Áitiúla Shligigh

Achoimre Seirbhísí/Gníomhartha

- 2(a) Réamhrá
- 2(b) Teanga Feidhmiúcháin gach Rannóige
- 2(c) Rannóga ag obair trí Ghaeilge
- 2(d) Rannóga tosaíochta chun seirbhís bhreisithe a sholáthar trí Ghaeilge
- 2(e) Rannóga ag obair i dTeanga an Bhéarla amháin

### **Caibidil 3**

Soláthar Seirbhísí/Gníomhartha Ginearálta na Comhairle

- 3(a) Modheolaíocht agus Taighde a Rinneadh
- 3(b) Modhanna Cumarsáide leis an bPobal
- 3(c) Doiciméadú Scríofa
- 3(d) Comhfhreagracht
- 3(e) Teileafón
- 3(f) Ríomhphost
- 3(g) Suíomh Gréasáin
- 3(h) Cumarsáid
- 3(i) Traenáil agus Forbairt

### **Caibidil 4**

- 4(a) Monatóireacht agus Athbhreithniú
- 4(b) Foilsiú Scéim Chomhaontaithe

## Caibidil a hAon

### 1. (a) Réamhrá agus Cúlra

Ullmhaíodh an Scéim seo faoi Alt 11 d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ag Comhairle Chontae Shligigh agus Comhairle Bhuirg Shligigh (dá dtagraítear as seo amach mar Údaráis Áitiúla Shligigh)

Luann an tAlt seo den Acht nach mór do chomhlachtaí stáit forálacha a dhéanamh do na seirbhísí a mholann siad a chur ar fáil trí:

- Mheán na Gaeilge
- Mheán an Bhéarla agus
- Mheán na Gaeilge agus an Bhéarla araon

Chomh maith leis na seirbhísí a chuirfidh Údaráis Áitiúla Shligigh sna teangacha éagsúla ar fáil a lua, leagann an Scéim amach bearta agus amframaí seirbhísí atá ar fáil i gcéad teanga na cathrach agus an chontae a fheabhsú agus cur leo.

### 1. (b) Ábhar Scéim na Teanga

Áirítear sa Phlean Corparáide na cuspóirí seo a leanas maidir le teanga na Gaeilge.

- *“Seirbhísí cáilíochta a chur ar fáil trí Ghaeilge agus custaiméirí a chur ar an eolas ar na cearta atá acu a meán teanga féin a roghnú.” agus<sup>1</sup>*
- *“Feabhas a chur ar an leibhéal seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge. Iarraimid a chinntiú go mbeidh rochtain ag Rannóga go léir ar bhall foirne atá in ann cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal trí Ghaeilge ionas, chomh fada agus is féidir, go mbeidh seirbhísí ar fáil go dátheangach.”<sup>2</sup>*

Beidh freagracht monatóireacht a dhéanamh ar an Scéim seo agus í a athbhreithniú ar Bhainistíocht Shinsireach Údaráis Áitiúla Shligigh.

---

<sup>1</sup> Plean Corparáide

<sup>2</sup> Plean Corparáide lth.36

## 1. (c) Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo deimhnithe ag an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus tosóidh sí ag feidhmiú ó 28 Iúil 2010.

Leanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire, de bhun Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, cibé is luaithe.

## 1. (d) Údaráis Áitiúla Shligigh -Forbhreithniú

Tá an ráiteas misin mar seo a leanas;

*“Próiseas a chur ar fáil um chinnteoireacht daonlathach a dhéanamh ag leibhéal áitiúil agus saol daoine a bhreisiú. “<sup>3</sup>*

Iarrann Comhairle Chontae Shligigh agus Comhairle Bhuirg Shligigh an ráiteas Misin um Pholasaí Corparáide a chur i bhfeidhm chomh maith lenár ról ceannaireachta agus sainordaithe daonlathaigh maidir leis na croíluachanna seo a leanas a chomhlíonadh:

- Daonlathas- Rialáíonn ár sainordú daonlathach ár gcinní agus gníomhartha go léir.
- Seirbhís Phoiblí- Tá leas an phobail lárnach do ghníomhartha go léir.
- Cuimsiú- Tá an luach céanna ar gach duine.
- Cothrom na Féinne - Déantar gach cinneadh go cóir, cothrom neamhchlaonta.<sup>4</sup>

Cuireann Údaráis Áitiúla Shligigh a lán seirbhísí ar fáil chun an ceantar áitiúil agus cáilíocht saoil na ndaoine a chónaíonn nó a thugann cuairt ansin a bhreisiú lena n-áirítear:

- Tithíocht agus Tacaíocht Sóisialta
- Iompar de Bhóthar agus Sábháilteacht
- Seirbhísí Uisce

<sup>3</sup> Plean Corparáide d'údaráis áitiúla Shligigh 2004-2009 lth. 14

<sup>4</sup> Plean corparáide d'údaráis áitiúla Shligigh 2004-2009 lth. 14

- Cosaint Chomhshaoil
- Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch
- Áineas agus Fónais
- Seirbhísí Corparáide
- Airgeadas
- Seirbhísí Éigeandála
- Tacaíocht do Chultúr agus Ealaíon

### 1. (e) Custaiméirí agus Cliaint

Tá an fhreagracht ar Údaráis Áitiúla Shligigh réimse leathan agus éagsúlach seirbhísí a sheachadadh dá gcustaiméirí ar fud na tíre. Cuireann na húdaráis na seirbhísí ar fáil do dhaonra c 60 000 duine. Is méadú 3,444 (62%) ar dhaonáireamh 1991é sin, agus méadú 2,379 (4.26%) i gcomparáid le 1996 ag taispeáint go díreach go bhfuil Údaráis Áitiúla Shligigh ag freastal ar dhaonra atá ag fás i gcónaí cibé go díreach d'aonáin nó d'éagsúlacht eagraíochtaí. Oibríonn agus téann na hÚdaráis Áitiúla i dteagmháil le an-chuid ghrúpaí agus eagraíochtaí i seachadadh a réimse seirbhísí agus i gcomhlíonadh a róil reachtúil lena n-áirítear:

- An tAire agus An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais eile agus Oifigí Aireachta
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Údaráis Áitiúla Shligigh, Custaiméirí agus an pobal i gcoitinne
- Áisíneachtaí eile stáit
- Comhpháirtithe sóisialta
- Údaráis Réigiúnacha agus Áitiúla eile
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí LEADER
- Soláthróirí seirbhíse na rannóige príobháidí
- Gnónna príobháideacha áitiúla

## **1. (f) Measúnú ar a mhéid atá seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge**

Is é príomhchuspóir Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chinntiú go gcuirtear seirbhísí níos fearr agus caighdeán seirbhísí níos airde ar fáil trí Ghaeilge. Tá an t-éileamh ar sheirbhísí ó Údaráis Áitiúla Shligigh trí mheán na Gaeilge íseal i láthair na huaire. Mar sin féin táthar ag súil go mbeidh méadú ar an éileamh de réir mar a thagann feabhas ar acmhainn na nÚdarás oibriú le teanga na Gaeilge agus de réir mar a fhásann an teanga sa phobal. Tá éifeacht nach beag ag bunú Gaelscoil Chnoc na Ré agus a rath leanúnach ar thábhacht na Gaeilge sa chathair agus sa chontae.

Tá baill foirne na nÚdarás Áitiúil tar éis dul i mbun traenála sa Ghaeilge. Tá cúrsaí críochnaithe ag cuid acu mar shampla Clár Diplóma sa Ghaeilge in OÉ Gaillimh. Cuireadh cúrsaí intí ar siúl freisin lena n-áirítear ceann a cuireadh ar siúl sna hOifigí Comhairle i dTobar an Choire. Tá na hÚdaráis Áitiúla tiomanta leanúint ar aghaidh le inniúlacht in úsáid na Gaeilge a fhorbairt.

## Caibidil 2

### Comhthéacs ina bhfeidhmíonn Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 in Údaráis Áitiúla Shligigh

#### Achoimre ar Sheirbhísí/ Gníomhartha

##### 2. (a) Réamhrá

Imlínithe sa chaibidil seo tá na Príomhsheirbhísí/Gníomhartha curtha ar fáil ag na ranna éagsúla laistigh de na hÚdaráis Áitiúla

##### 2. (b) Teanga Fheidhmiúcháin gach Rannóige

Is é an Béarla an teanga fheidhmiúcháin in úsáid ar fud ranna go léir Údaráis Áitiúla Shligigh. Tríd an scéim seo a chur i bhfeidhm tá sé ar intinn ag na hÚdaráis Áitiúla cumais agus inniúlachtaí na bhfostóirí indibhidiúla in úsáid teanga na Gaeilge a fhorbairt agus mar sin ár gcumas réimse níos mó seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge.

##### 2. (c) Rannóga ag obair trí Ghaeilge

Faoi láthair níl aon fhoireann laistigh de na hÚdaráis Áitiúla ag obair trí mheán na Gaeilge amháin. Tá Oifigeach Gaeilge páirtaimseartha ann. Is é ról an Oifigigh Ghaeilge cabhrú le soláthar seirbhísí trí Ghaeilge agus, ag obair le ranna eile de na hÚdaráis Áitiúla, seasamh foriomlán na Gaeilge laistigh den dá eagraíocht araon a fheabhsú.

Tá sé ar intinn ag Údaráis Áitiúla Shligigh a gcumas gnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge a fhorbairt. Faoi láthair tá an t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge teoranta. Mar sin féin leis an tsuim atá ag fás sa Ghaeilge go ginearálta tá súil againn le éileamh méadaithe ar Ghaeilge a



úsáid agus tá sé ar intinn againn cumas ár bhfoirne a fhorbairt chun freagairt ar an éileamh sin.

## **2. (d) Rannóga ag obair i dTeanga an Bhéarla amháin**

Déanann an méid seo a leanas achoimre ar stiúrthóireachtaí indibhidiúla a oibríonn trí Bhéarla ag an am seo.

### **Stiúrthóireacht Seirbhísí Tithíochta, Tine agus Éigeandála agus Leabharlanna**

- Seirbhísí Custaiméara
- Tithíocht agus Tógáil
- Acmhainní Daonna
- Leabharlann Chontae Shligigh, Iarsmalann agus Seirbhísí Cúlúrtha
- Oifig Chumarsáide
- Cosaint Shibhialta Shligigh
- Faisnéis Teicneolaíochta / Clárann Toghthóirí / Deontais Ardoideachais

### **Roinn Airgeadais**

- Airgeadas agus Cuntais
- Éileamh
- Rátaí

### **Stiúrthóireacht Seirbhísí Infreastruchtúracha**

- Iompraíocht agus Sabháilteacht ar Bhóithre
- Athchóiriú agus Deisiú Droichid
- Seirbhísí Uisce Sláinte agus Sábháilteacht

**Stiúrthóireacht Phobail agus Fiontair, Ealaíon agus Seirbhísí Cúlúrtha agus Comhshaoil**

- Bord Forbartha Chontae Shligigh
- Fóram Pobail Chontae Shligigh
- Grúpa Bearta Cuimsitheach Sóisialta Shligigh
- Dámhachtana Mórtas Cathrach -- Comhpháirtíocht Ómaigh-Sligeach
- Infreastruchtúr Teileachumarsáide / Bailte Slachtmhara
- Comhairle Contae Tascfhórsa Síochána 11 / Ionaid Adhlactha
- Clár RAPID Shligigh
- Biúro Saorálach Shligigh / Clár Forbartha Saorálach
- An Roinn Ealaíon Chontae Shligigh

**Stiúrthóireacht Pleanála, Comhairle Bhuirg Shligigh, Calafort Shligigh, Forfheidhmiúchán agus Oidhreacht**

- Aonad Pleanála Forbartha
- Forfheidhmiúchán
- Seirbhísí Comhshaoil
- Oifig Oidhreachta Chontae Shligigh

## Caibidil 3

### Soláthar Seirbhísí Ginearálta/ Gníomhartha

#### 3. (a) Modheolaíocht agus Taighde a Rinneadh

Ag ullmhú na Scéime seo, d'iarr Údaráis Áitiúla Shligigh

- (a) Aighneachtaí ón bpobal
- (b) Rinneadh suirbhé ar a bhfostóirí chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge, agus
- (c) Rinneadh athbhreithniú ar na seirbhísí a bhí ar fáil trí Ghaeilge

#### 3. (b) Modhanna Cumarsáide leis an bPobal

Tá beagnach an chumarsáid go léir in Údaráis Áitiúla Shligigh déanta trí mheán an Bhéarla le cumarsáid theoranta sa Ghaeilge. Tá sé ar intinn ag Comhairle Chontae Shligigh agus Comhairle Bhuirg Shligigh ábhair a tháirgeadh sa dá theanga araon nuair atá sé de leas poiblí ar leith. Tá glactha leis gur féidir feabhas a chur ar an suíomh atá ann faoi láthair agus tá na Comhairlí tiomanta dó sin a dhéanamh. Faoi láthair áirítear i gcumarsáid trí Ghaeilge:

- Foirmeacha Iarratais
- Tuarascáil Bhliantúil
- Roinnt Bhilléog agus Bhróisiúr Eolais Phoiblí
- Eisiúintí Meán

Aithníonn agus admhálann Údaráis Áitiúla Shligigh na tosaíochtaí teanga ar leith atá ag grúpaí teanga na Gaeilge agus eagraíochtaí lena mbaineann i ndul chun cinn agus caomhnú oidhreacht chultúrtha lena n-áirítear teanga na Gaeilge agus Gaelscoileanna áitiúla. Éascófar soláthar seirbhísí trí Ghaeilge do na comhlachtaí agus grúpaí ar leith seo thar shaolré na scéime.

### **3. (c) Doiciméadú Scríofa**

Ag ullmhú na scéime seo tá Údaráis Áitiúla Shligigh tiomanta do leanúint ar aghaidh le foilsíú ábhair dhátheangacha agus feabhas a chur leo don phobal agus do na meáin thar shaolré na scéime.

Laistigh de dhá bhliain ó thús na scéime, cinnteoidh Údaráis Áitiúla Shligigh go dtáirgfear foirmeacha iarratais agus billeoga eolais lena mbaineann go dátheangach, gach ceann taobh istigh de chlúdach amháin. Cuirfear eisiúint foirmeacha iarratais reatha san áireamh mar chuid den dara scéim agus scéimeanna teanga ina dhiaidh sin.

Laistigh de 2 bhliain ó thús na scéime seo, iarrfar foirmeacha cineálacha i nGaeilge.

Faoi dheireadh na scéime, táirgeoidh Comhairle Chontae Shligigh agus Comhairle Bhuirg Shligigh leabhráin eolais nua ar fad sa dá theanga araon agus laistigh de chlúdach amháin (mura bhfuil clúdach amáin praiticiúil de dheasca méide nó nádúir an doiciméid) sa chás go bhfuil leas ar leith an phobail nó suntas áitiúil i gceist. Ní áireofar anseo eolas atá an-teicniúil ina nádúr.

### **3. (d) Comhfhreagras**

Tuigeann Údaráis Áitiúla Shligigh go bhféadfaidh daoine cumarsáid a dhéanamh i dteanga na Gaeilge nó Béarla roghnach féin. Is mian leis na Comhairlí úsáid teanga féin na gcustaiméirí a éascú. Sa chás go bhfaigheann na Comhairlí comhfhreagras trí mheán na Gaeilge freagróidh siad sa teanga sin de réir forálacha alt 9(2) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Sa chás nach mbíonn an cumas riachtanach sin freagra a thabhairt i nGaeilge ag fostaí nó foireann rachaidh siad i dteagmháil leis an Oifigeach Gaeilge.

### **3. (e) Teileafón**

Is iad an fhoireann ag an deasc Seirbhísí Custaiméara an chéad phoinnte teagmhála leis an bpobal. Beidh sé mar pholasáí ag Údarás Áitiúla Shligigh a chinntiú go bhfeidhmíonn an cleachtas um chaighdeán Seirbhísí Custaiméara Cháilíochta ag an áit seo.

- Laistigh de sé mhí tar éis na scéime a ghlacadh tabharfaidh an fhoireann ag an deasc Seirbhísí Custaiméara ainm na Comhairle i nGaeilge.
- Laistigh de sé mhí tar éis na scéime a ghlacadh beidh an fhoireann ag an Deasc Seirbhísí Custaiméara cleachtaithe sna beannachtaí bunúsacha sa Ghaeilge.
- Laistigh de ocht mí dhéag tar éis na scéime a ghlacadh cuirfear socruithe i bhfeidhm chun a chinntiú gur féidir baill den phobal a chur i dteagmháil gan mhoill leis an oifig nó leis an oifigeach a thugann na seirbhísí atá ag teastáil trí Ghaeilge, sa chás go mbíonn siad ar fáil.

### **3. (f) Ríomhphost**

Níl an teachtaireacht cineálach agus an séanadh ceangailte le seirbhís ríomhphoist oifigiúil na Comhairle i nGaeilge faoi láthair ach beidh sé i bhfoirm dhátheangach le linn saolré na scéime ag tagairt do na hainmneacha Gaeilge “Comhairle Chontae Shligigh” agus “Comhairle Bhuirg Shligigh” atá in úsáid cheana ar chinn litreach ag an dá údarás áitiúla.

### **3. (g) Suíomh Gréasáin**

- Tá obair ag dul ar aghaidh ar nádúr dátheangach na suíomh gréasáin trí rannán do Nuacht míosúil a chur san áireamh ar an suíomh. Cuirfidh na húdaráis áitiúla foirmeacha iarratais go léir le leas poiblí suntasach ar fáil ar a suíomh gréasáin sa dá theanga araon faoi dheireadh na scéime.

- Mar chuid den scéim déanfaidh na hÚdaráis Áitiúla Rannáin Ghaeilge den suíomh gréasáin sheachtrach níos inrochtana agus déanfar cuid d’ábhar statach an tsuímh ghréasáin dátheangach. Táimid tiomanta faoi dheireadh na scéime, go mbeidh na rannáin seo a leanas de Chomhairle Chontae Shligigh agus Comhairle Bhuirg Shligigh ar fáil go dátheangach:

- **Suíomh Gréasáin CCS** [www.sligococo.ie](http://www.sligococo.ie)

- 1 Baill Chomhairle
- 2 An Chomhairle
- 3 Cruinnithe
- 4 Coistí Beartas Straitéiseach
- 5 Orduithe Seasmhacha
- 6 Fís Shligigh
- 7 Stair Ghearr

- **Suíomh gréasáin CBS** [www.sligoborough.ie](http://www.sligoborough.ie)

1. Baill Chomhairle
2. Fúinne
3. Seirbhísí
4. Cruinnithe Comhairle
5. Oifig Mhéara

### **3. (h) Seirbhísí duine le duine**

Le linn cúrsa na scéime seo, tabharfar tosaíocht do na codanna seo a leanas le súil seirbhís bhreisthe trí Ghaeilge a fhorbairt:

- Oifig Athghineadh An Chrainn Mhóir
- Seirbhísí Custaiméara
- Seirbhísí Corparáide

Faoi dheireadh na scéime, beidh seirbhís chuntair duine le duine ar fáil ó oifig Athghineadh

An Chrainn Mhóir. Déanfar obair ullmhúcháin chun a chinntiú go réiteofar soláthar seirbhís chuntair duine le duine sna Seirbhísí Custaiméara agus Ranna Seirbhísí Corparáide i scéim dara teanga na nÚdarás Áitiúil.

### **3 (i) Eisiúintí Preasa**

Tar éis glacadh leis an scéim cinnteoidh Údaráis Áitiúla Shligigh go n-eiseofar ar a laghad cúig faoin gcéad d'eisiúintí preasa go dátheangach in aghaidh na bliana. Bainfidh siad seo le saincheisteanna nó forbairtí le suntas áitiúil/náisiúnta/idirnáisiúnta agus áireofar iontu eisiúintí bainteach le teanga na Gaeilge.

### **3(j) Córais Idirghníomhacha agus Ríomhaire**

Beidh sé ar cumas ríomhairí nua a shuiteálfar teanga na Gaeilge a láimhseáil. Uasghrádófar córais ríomhaire reatha, más gá, i gcónasc leis an gcéad chothabháil phleanáilte eile nó obair uasghrádaithe.

Tá na hÚdaráis Áitiúla tiomanta dá seirbhísí idirghníomhacha ar líne reatha a uasghrádú chun iad a chur ar fáil go dátheangach i gcónasc leis an gcéad chothabháil phleanáilte chuí eile nó obair uasghrádaithe agus de réir mar a cheadaíonn acmhainní agus brúnna ar obair eile i réimse na faisnéise eolais. Más rud é go dtugann na hÚdaráis Áitiúla aon seirbhísí idirghníomhacha eile isteach, tabharfar isteach iad go dátheangach taobh le taobh. Tá na tiomantais seo ag brath ar sholáthar na gcóras agus na n-acmhainní riachtanacha ag Bord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil.

Le linn saolré na scéime oibreoidh Údaráis Áitiúla Shligigh le foirne cumasacha i dteanga na Gaeilge agus iarrfaidh siad comhaontú leo chun seirbhísí a chur ar fáil sa Ghaeilge trasna réimse ceantar sa chás go n-éiríonn éileamh ar a leithéid de sheirbhísí trí Ghaeilge. Faoi réir toiliú a thabhairt sainaitheofar a leithéid d'fhoireann do chustaiméirí ar na suímh ghréasáin.

### **3 (k) Traenáil agus Forbairt:**

Faoi láthair ní thugtar aon traenáil seirbhís chustaiméara mar gheall ar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla. Laistigh de bhliain amháin den scéim a bheith deimhnithe áireofar feasacht teanga agus riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla in ionduchtú agus traenáil seirbhís chustaiméara.

Déantar cumarsáid mheán trí Bhéarla amháin faoi láthair. Le linn saolré na scéime sainaitheoidh an Chomhairle agus cuirfidh sí traenáil ar fáil d'fhoireann chun agallaimh a dhéanamh do lucht meán teanga na Gaeilge lena n-áirítear Raidió na Gaeltachta agus TG4.



## Caibidil 4

### 4. (a) Monatóireacht agus Athbhreithniú

Cuirfidh Bainistíocht Shinsearach Chomhairle Chontae Shligigh an Scéim seo i bhfeidhm agus déanfaidh siad athbhreithniú leanúnach uirthi. Déanfaidh Bainisteoirí i ngach ceann de na rannóga ina bhfuil freagracht orthu an scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin monatóireacht uirthi ó lá go lá. Tabharfaidh Oifigeach na Gaeilge cabhair agus spreagadh dóibh. Tuairisceoidh siad trí Oifigeach na Gaeilge don Fhoireann Bhainistíochta go rialta ar feadh feidhmiúchán na scéime. Beidh dul chun cinn ar cumas na n-eagraíochtaí seirbhísí a sheachadadh trí mheán na Gaeilge mar ghné den Tuarascáil Bhliantúil.

Déanfaidh lucht Bainistíochta monatóireacht ar leibhéal an éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus de réir riachtanais phobail féadfaidh Údarás Áitiúla Shligigh scéimeanna níos uailmhianaí a fhorbairt i réimse teanga na Gaeilge agus a húsáid.

### 4. (b) Foilsiú agus Scéim Chomhaontaithe

Foilseofar clár ábhair, tiomantais agus forálacha na Scéime agus tabharfar feasacht don phobal dóibh trí:

- Suíomh Gréasáin
- Cúrsaíocht ar aisíneachtaí cuí agus boird poiblí
- Taispeántas Poiblí /ar fáil laistigh de Leabharlanna Poiblí Shligigh

Tar éis glacadh leis an bplean cuirfimid fógraí ar ár suíomh gréasáin agus mar an gcéanna cuirfimid in iúl ag an deasc fáilte, go bhfuil seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge.

Féadfaidh Údarás Áitiúla Shligigh gníomhartha forbartha breise a thionscain nach bhfuil áirithe sa Scéim seo.

Tá cóip den scéim curtha ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Béarla buntéacs na scéime seo.